Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Gearmáinis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:**

- Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

- Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

- Tá eolas <u>**a bhfuil líne faoi**</u> riachtanach chun an marc iomlán a bhaint amach.

- Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile. I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, glac leis an gcéad fhreagra agus sin amháin. I gcás ina bhfuil freagraí i dteanga seachas an teanga a sonraíodh: bronn leathmharcanna.

- **Socruithe Réasúnta**

Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach ar leathanach 18 den scéim mharcála.

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA: (100 marc: 16, 31, 15, 38)**

**Cuid a hAon: Agallamh le Elyas M'Barek (16 mharc: 5, 2, 1, 6, 2)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Bronn leathmharcanna.**

**1.** **(5 mharc)**
*Déan cur síos ar an bpáirt atá ag Elyas mar Cem sa tsraith teilifíse "Türkisch für Anfänger".*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 5 mharc**
(a) Ba é sin a chéad pháirt mhór/a chéad phríomhpháirt.
(b) Buachaill Turcach a bhí mar pháirt aige.
(c) 17 (mbliana d'aois).
(d) (Tosaíodh in) 2006 (é).

**2.** **(2 mharc: (i) 1 mharc; (ii) 1 mharc)**
**(i)** *Cad is* Patchwork-Familie *ann, dar le Elyas?*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 1 mharc**
(a) Tá tuismitheoirí difriúla ag leanaí.
(b) D'fhéadfadh sé go raibh na tuismitheoirí pósta roimhe.

**(ii)** *Cad iad na nithe is cúis le fadhbanna in* Patchwork-Familien *uaireanta? Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 1 mharc**
(a) Ina gcónaí le chéile
(b) Easpa armóine / coibhlint / ag troid
(c) Ní mór do dhuine aithne a chur ar na daoine eile.
(d) (Deacrachtaí/fadhbanna) cultúrtha
(e) (Deacrachtaí/fadhbanna) reiligiúnacha

**3.** **(1 mharc)**
*Cuireann Elyas comhairle ar dhaoine ar mhaith leo a bheith ina n-aisteoirí.*
*Tabhair sonra **amháin**.*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 1 mharc**
(a) Téigh go dtí scoil aisteoireachta/faigh oiliúint aisteora.
(b) Ná héirí as an scoil/cuir do chuid scolaíochta i gcrích.
(c) Caithfidh an t-ádh a bheith ort.

**4.** **(6 mharc:)**
*Conas a bhí Elyas ábalta dul ar scoil agus a bheith ag aisteoireacht ag an am céanna?*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: (6 mharc)**
(a) Thuig an léiritheoir **(3)** a chás/bhí an léiritheoir tuisceanach. **(3)**
(b) Rinne siad an scannánaíocht/an aisteoireacht **(3)** sa tráthnóna. **(3)**
(c) Rinne siad an scannánaíocht/an aisteoireacht **(3)** ag an deireadh seachtaine. **(3)**
(d) Rinne siad an scannánaíocht/an aisteoireacht **(3)** le linn na laethanta saoire. **(3)**

**5.** **(2 mharc)**

*Cad a deir Elyas faoi na scannáin ar ghlac sé páirt iontu le déanaí?*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**

(a) Bhí sé in “Die Welle” / Bhí “Die Welle” ina bhuaicphointe gairme.
(b) Tá sé buíoch.
(c) Bíonn páirteanna éagsúla aige.
(d) Oibríonn sé le haisteoirí iontacha.
(e) Oibríonn sé sa Ghearmáin.
(f) Oibríonn sé thar lear.

**Cuid a Dó: Glao Gutháin** **(31 marc: 8, 13, 7, 3)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Bronn leathmharcanna.**

**1.** **(8 marc: (i) 6 mharc: 4, 2 mharc: (ii) 2 mharc)**

**(i)** *Cé dó an clár?*

- Tá sé faoi choinne leanaí/daltaí **(4)** <u>bunscoile</u> **(2)**.

**(ii)** *Cá fhad a mhaireann an clár?*

- Dhá sheachtain. **(2)**

**2.** **(13 marc: 6, 4, 3 )**
*Cad iad na gníomhaíochtaí atá ar fáil?*

**TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 13 marc: 6, 4, 3**
(a) <u>Foghlaimeoidh</u> siad an Béarla/Tá sé <u>i</u> mBéarla. ***N.B.*** *Ranganna/cursaí béarla = 0 mharc*
(b) Rachaidh siad go dtí an trá.
(c) Imreoidh siad cluichí.
(d) Imreoidh siad spóirt/spórt.
(e) Rachaidh siad ag <u>fánaíocht</u>.
(f) Cuirfidh siad tinte cnámh síos.

**3.** **(7 marc: 4, 3)**
*Cén t-**ainm** atá ar an duine a fhaigheann an glao agus cén **uimhir ghutháin** atá aige?*

**Bain 1 mharc as gach litir atá mícheart/ar iarraidh:**
**Ainm:** HEMMECKE **(4)**

**Iomlán nó faic:**
**UIMHIR GHUTHÁIN: 0177** – 2130 892 **(3)**

**4.** **(3 mharc)**
*Is uaidh seo a thagann an glao:*

*(a)* club teanga do leanaí **(3)**

**Cuid a Trí: Comhrá** **(15 marc: 4, 3, 5, 3)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Bronn leathmharcanna.**

**1.** **(4 mharc)**
*Cad iad na pleananna atá ag máthair Andreas don iarnóin?*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 4 mharc**
(a) Tá bearbaiciú **(3)** (sa) ghairdín **(1)** á pleanáil aici.
(b) Tá na seantuismitheoirí **(3)** ag teacht ar cuairt. **(1)**
(c) Tig leis insint (dóibh) **(3)** faoina phost. **(1)**

**2.** **(3 mharc)**
*Cén nuacht atá ag Andreas dá mháthair? Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 3 mharc**
(a) Dhiúltaigh sé don phost san óstán.
(b) Fuair sé post.
(c) Beidh sé ag tosú i gceann trí seachtaine.
(d) Oibreoidh sé ar línéar/long.
(e) Oibreoidh sé mar fháilteoir.
(f) Beidh sé ar shiúl/thar lear ar feadh cúig mhí.
(g) Rachaidh sé ag taisteal/rachaidh an turas mara timpeall na cruinne/a fhad le hAntartaice.

**3.** **(5 mharc: (i) 3 mharc; (ii) 2 mharc)**
**(i)** *Conas a théann an scéala seo i gcion ar a mháthair? Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 3 mharc**
(a) Fiafraíonn sí ceisteanna de.
(b) Baintear geit aisti/níl sí sásta/ceapann sí nach smaoineamh maith é.
(c) Deir sí go gcaithfidh sí suí síos.
(d) Bheadh an post san óstán foirfe.
(e) D'fhéadfadh sé leanúint ar aghaidh ina chónaí/ag fanacht leo/ag an mbaile/in aice láimhe.
(f) Tá na trí bliana a chaith sé ag fáil oiliúna mar bhainisteoir óstáin ligthe amú.
(g) Deir sí go bhfuil am de dhíth uirthi le héirí cleachta leis an smaoineamh.

**(ii)** *Creideann Andreas go bhfuil an cinneadh ceart déanta aige. Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**
(a) Bhí sé ag iarraidh/rachaidh sé thar lear/ag taisteal timpeall na cruinne.
(b) Tairgeadh an post dó **(1)** mar gheall ar an oiliúint a fuair sé. **(1)**
(c) Tairgeadh an post dó **(1)** mar gheall ar an eolas maith atá aige ar an mBéarla. **(1)**
(d) Taithí iontach a bheidh ann / beidh sé go hiontach.
(e) Beidh cuma mhaith ar an bpost ar a CV.

**4.** **(3 mharc)**
*Cad atá ar intinn ag cailín Andreas a dhéanamh?*

**(d)** taithí oibre a fháil leis an AE **(3)**

**Cuid a Ceathair: Nuacht** **(38 marc: 6, 18, 2, 12 )**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Bronn leathmharcanna.**

**1.** **(6 mharc: (i) 3 mharc: 2, 1; (ii) 3 mharc)**
**(i)** *Cad atá á chomóradh leis an mbonn speisialta 2 euro seo?*

25 bliain **(2)** d'athaontú/d'aontú na Gearmáine **(1)**

**(ii)** *Cé mhéad de na boinn seo san iomlán a táirgeadh sa Ghearmáin?*

30 milliún **(3)**

**2.** **(18 mharc: (i) 8 mharc; (ii) 10 marc: tascanna 2 x 4 mharc; céatadáin 2 x 1 mharc)**
**(i)** *Ainmnigh tír amháin a ghlac páirt sa suirbhé seo.*

**CEANN ar bith de na tíortha seo a leanas: 8 marc**
(a) An Ghearmáin
(b) An Ostair
(c) An Eilvéis

**(ii)** *Tá ardú tagtha ar chéatadán na bhfear ar maith leo obair tí a dhéanamh. Ainmnigh **dhá** thasc tí agus tabhair na céatadáin.*

**4 mharc an ceann as DHÁ thasc tí ar bith atá ceart AGUS**
**1 mharc an ceann as na céatadáin chomhfhreagracha atá ceart.**

| **Tasc tí** | **Céatadán** |
|---|---|
| An tsiopadóireacht a dhéanamh | 77% |
| Bia a chócaráil/a ullmhú | 71% |
| An bruscar a thabhairt amach | 59% |
| An níochán a dhéanamh | 35% |
| Glantachán | 29% |

**3.** **(2 mharc)**
*Fáinne gealltanais ba chúis le heachtra áirithe. Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**
(a) (Tharla sé ag) stáisiún traenach (Speyer).
(b) Bhí argóint ag fear lena fiancée/chailín.
(c) Bhí fearg air.
(d) Chaith sé a fháinne ar na ráillrianta.
(e) Bhí aiféala air as ucht sin a dhéanamh.
(f) Thosaigh an bheirt/an lánúin ag cuardach (na ráillrianta).
(g) Stop fostaí **(1)** traein/dhá thraein. **(1)**
(h) Fuarthas an fáinne.
(i) Gearradh fíneáil €300 **(1)** ar an lánúin **(1)** / b'éigean don lánúin €300 **(1)** a íoc **(1)**.

**4.** **(12 marc: (i) 4 mharc (ii) 8 marc: 4, 4)**

**(i)** *Déan cur síos ar an aimsir a bhí ann tráthnóna Dé Céadaoin. Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 4 mharc**
(a) Tháinig deireadh leis an tonn teasa.
(b) Toirneach (stoirmeacha toirní)
(c) Báisteach/cith/ceathanna
(d) Tuile
(e) Tintreach

**(ii)** *Cén aimsir a bhfuil súil leis don deireadh seachtaine?*

**8 marc: 4 + 4**
(a) (Níos) fuaire.**(4)**
(b) 17 gcéim.**(4)**

**TEXT I: LESEVERSTÄNDNIS: (60 marc) (12, 27, 16, 5)**

**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Ná bronn leathmharcanna ach sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs.

**1. (12 mharc: (a) 8; (b) 4)**

**(a) 8 marc: 4, 3, 1**

**(a)** *Cad a fhoghlaimímid faoi Conny ón bhfoirm atá le comhlánú aici? (na línte 1 – 6)*

**TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 4, 3, 1**

1. A dara hainm/a sloinne/(Conny) Leberman atá uirthi.
2. A haois/Tá sí 16 bliana d'aois.
3. An cineál scoile ar a bhfreastalaíonn sí/Freastalaíonn sí ar Hauptschule/ar mheánscoil.
4. Ba mhaith léi a bheith ina cúntóir siopa/díolacháin / oibriú i siopa.
5. Is maith léi a bheith ag éisteacht le ceol / is maith léi a bheith ag crochadh thart.

**(b) 4 mharc: 3, 1**

*Is eispéireas diúltach do Conny é a cuairt ar ghníomhaireacht fostaíochta an stáit. Tabhair sonraí. (na línte 13 – 27)*

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 3, 1**

1. Cuireann an bhean ansin isteach go mór uirthi.
2. Síleann an bhean/síleann daoine gur eachtrannach í.
3. Tugann an bhean "*Ameisensiedlung*" / "*Chicago Beag*" ar a comharsanacht/heastát tá drochthuairim ag an mbean faoina comharsanacht/heastát / maslaíonn an bhean a comharsanacht/heastát

**N.B. Glac le "iompraíocht chiníoch" mar chur síos uilíoch ar thuairimí/iompraíocht na mná.**

4. Tá an bhean díomasach.
5. Léimeann sí suas go feargach/go foréigneach/go tobann.
6. Leagtar muga caife na mná.
7. Imíonn Conny de rúid as an seomra.
8. (Níl sí ach) ag iarraidh dul abhaile.
9. Níl sí ag iarraidh dul faoi choinne píotsa.

**2. (27 marc (a) 10; (b) 8; (c) 9)**

**(a) 10 marc: 4, 3, 2, 1,**

*Cad iad na sonraí a thugtar faoi chomharsanacht Conny, an Ameisensiedlung? Luaigh ceithre cinn. (na línte 28 – 40)*

**CEITHRE cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 10 marc: 4, 3, 2, 1**

1. Tá sí leathuair an chloig (ar an tram) ar shiúl ó lár na cathrach.
2. Foirgnimh ardéirí / bloic/ollionaid árasán a fhaightear inti.
3. Daoine bochta a chónaíonn inti / níl a dhóthain airgid ag daoine inti cónaí i gceantar níos fearr.
4. Rinneadh í a phleanáil/a thosú/a thógáil dhá bhliain déag ó shin / tá sí ann le dhá bhliain déag anuas.
5. Bhí sé i gceist go mbeadh sí ina comharsanacht/ina heastát/ina cuid nua-aimseartha den chathair.
6. Bhí sé i gceist go mbeadh páirceanna/limistéir ghlasa inti./ Níl páirceanna/limistéir glasta inti.
7. Bhí sé i gceist go mbeadh clóis súgartha inti.
8. Níl clóis súgartha ar bith inti.
9. Tá cónaí ar mhórán leanaí inti.
10. Níl ach daoine nach bhfuil iarraidh orthu ina gcónaí inti.

**(b) 8 marc: (i) 4 mharc; (ii) 4 mharc**

*(i) Déan cur síos ar fhoirgneamh agus ar árasán Conny.*

*(ii) Tabhair sonraí faoina muintir. (na línte 41 – 53)*

**(i) A foirgneamh agus a hárasán: 4 mharc: 3, 1**

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 4 mharc: 3, 1**

1. Tá sé liath.
2. Tá sé ar an gcúigiú hurlár.
3. (Árasán) dhá sheomra *(Ceadaigh: 'dhá sheomra leapa')*
4. Ní oibríonn an t-ardaitheoir / ní oibríonn an t-ardaitheoir riamh.
5. Tá an staighre/na céimeanna salach.
6. Tá graifítí ann.

**(ii) A muintir: 4 mharc: 3, 1**

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 4 mharc: 3, 1**

1. Tá ceathrar ina muintir.
2. Tá a máthair tríocha bliain d'aois.
3. Tá a máthair dífhostaithe.
4. Tá beirt deartháireacha aici.
5. Tá a deartháireacha ar scoil / freastalaíonn a beirt deartháireacha ar an scoil.

**(c) 9 marc: 3, 3, 3**

*Déan cur síos ar an triúr cairde is fearr atá ag Conny. (na línte 54 – 68)*

**Andi: 3 mharc: 2, 1**

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 2, 1**

1. Tá sé cúláilte/eisean is cúláilte.
2. Eisean an cara is fearr aici.
3. Déanann sé graifítí <u>den scoth</u>.
4. Beannaíonn na póilíní dó / tugann siad a chéadainm air / tá aithne acu air.

**Benni: 3 mharc: 2, 1**

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 2, 1**

1. Tá Benni ard/mór.
2. Tá sé láidir.
3. Is duine bogchroíoch/goilliúnach é.
4. Déanann sé a dhícheall cuidiú le daoine eile/le gach duine.
5. Feiceann sé go bhfuil ocras uirthi.
6. Tugann sé leath/cuid/slis dá phíotsa di.

**Michi: 3 mharc: 2, 1**

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 2, 1**

1. Is duine cliste é.
2. <u>Déanann sé plé ar</u> chúrsaí polaitíochta.
3. <u>Téann sé go dtí</u> an amharclann.
4. <u>Léann sé</u> na nuachtáin.
5. Tá gruaig shúgánach air.
6. Caitheann sé T-léine ar a bhfuil íomhá de Che Guevara.

**3. (16 mharc:**
**2 mharc in aghaidh an cheannteidil; 2 mharc as an aistriúchán/míniúchán ceart)**

2. **Connys Stadtteil (2)**
   Déanann Conny cur síos ar a comharsanacht/a heastát/an chuid/an ceantar den chathair/ina bhfuil cónaí uirthi **(2)**

3. **Kein Essen im Haus (2)**
   Níl faic le hithe sa chuisneoir/sa bhaile **(2)**

4. **Jungs – keine Mädchen (2)**
   Buachaillí amháin – cailíní ar bith / níl aici mar chairde ach buachaillí / níl cailíní ar bith mar chairde aici **(2)**

5. **Gute Freunde teilen alles (2)**
   <u>Roinneann</u> dlúthchairde gach rud le chéile **(2)**

**4. (5 mharc; 5 x 1 mharc)**

| | (1) | (1) | (1) | (1) | (1) |
|---|---|---|---|---|---|
| **1 B** | **2 E** | **3 F** | **4 C** | **5 A** | **6 D** |

**TEXT 1: ANGEWANDTE GRAMMATIK (15 mharc) (10, 5)**

**1. (10 marc; 10 x 1 mharc)**

*Comhfhocail … abair cad iad na focail a cuireadh le chéile i ngach comhfhocal (5 mharc) agus cad is brí leis na focail a bhfuil líne fúthu. (5 mharc)*

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Kaffee + Tasse **(1)** | cupán / muga caife **(1)** |
| (ii) | Innen + Stadt **(1)** | lár na cathrach **(1)** |
| (iii) | Spiel + Plätze **(1)** | clós/áit/páirc súgartha/spraoi **(1)** |
| (iv) | arbeit(s) + los **(1)** | dífhostaithe **(1)** |
| (v) | Einkauf(s) + Zentrum **(1)** | ionad siopadóireachta **(1)** |

**2. (5 mharc: 5 x 1 mharc)**

Sie will lieber zu / in / **nach** / auf Hause gehen, als Pizza zu essen.

In der Ameisensiedlung wohnen viele Menschen **ohne** / zu / für / an Geld oder Arbeit.

Conny kann nicht bei / an / zu / **mit** dem Lift fahren, weil er kaputt ist.

Sie trifft ihre Freunde aus / **am** / von / über Einkaufszentrum.

Conny bekommt eine halbe Pizza neben / mit / **von** / gegenüber Michi.

**TEXT II: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc) (6, 14, 30, 10)**

**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Ná bronn leathmharcanna ach sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs.

**1. (6 mharc)**

*Cén t-eolas a thugtar sa* ***réamhrá*** *faoi na daoine atá ag fágáil na Gearmáine?*

**TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 6 mharc: 3, 2, 1**

1. Tá an líon (eisimirceach) níos airde ná a bhí riamh.
2. Bíonn níos mó Gearmánach ag dul thar lear.
3. Daoine óga (is ea iad)
4. Daoine ard oilte (is ea iad)
5. (Tá siad) ag lorg post níos fearr / post a íocann níos fearr
6. Téann siad ar imirce chuig: An Eilvéis, Meiriceá Thuaidh, an Ríocht Aontaithe.
   **N.B. Caithfidh dhá cheann de na trí áit sin a bheith i gceart le go bhfaighidh an dalta an marc (na marcanna)**

**2. (14 mharc: (a) 6; (b) 6; (c) 2)**

**(a) 6 mharc**

*Cén saghas duine atá ag roghnú dul ar imirce? (Alt 1)*

**TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 6 mharc: 3, 2, 1**

1. Daoine a bhfuil gairm ollscoile sna Stáit Aontaithe uathu.
2. Daoine a bhfuil post bainisteora san Eilvéis uathu.
3. Faoi bhun 35
4. (Tá an chuid is mó acu) gan chlann
5. Tá dioplóma ollscoile (ag 65% acu)
6. Is fir iad (60% acu)
7. Dochtúirí
8. Speisialtóirí ríomhaire
9. Eolaithe

**(b) 6 mharc**

*Cad iad na cúiseanna atá acu leis an gcinneadh seo? (Alt 2)*

**TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 6 mharc: 3, 2, 1**

1. Tá siad ag iarraidh gairm bheatha a fháil/a bheith acu.
2. Tá deiseanna níos fearr ann thar lear/Feiceann siad go bhfuil deiseanna níos fearr ann thar lear.
3. Tá an cháin ard.
4. An iomarca maorlathais
5. Tá lá fada oibre ann.
6. Ba mhaith leo rudaí/rud éigin nua a fheiceáil.
7. Tá siad ag iarraidh an-chuid airgid a thuilleamh.
8. Tá siad ag iarraidh leas a bhaint as an margadh domhanda.

**(c) 2 mharc**

*Cén toradh a bheidh ag an imirce leanúnach ar mhargadh fostaíochta na Gearmáine? (Alt 3)*

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**

1. Faoi / in 2016, **(1)** beidh ganntanas/gá le 70 000 eolaí / 85 000 innealtóir. **(1)**
2. Beidh cuideachtaí Gearmánacha/An Ghearmáin ag earcú oibrithe **(1)** ón gcoigríoch / ó Éirinn. **(1)**

**3. (30 marc: 3 x 10)**

*Líon isteach an ghreille thíos agus tú ag úsáid an eolais as ailt 4, 5 agus 6.*

| Ainm: | Julia Saathoff<br>**(10 marc: 2, 2, 6)** | Hans Latta<br>**(10 marc: 2, 2, 6)** | Mark Rehker<br>**(10 marc: 2, 2, 6)** |
|---|---|---|---|
| Cá háit a bhfuil sé/sí ag obair? | Londain **(2)** | An Ostair / Graz **(2)** | An Danmhairg **(2)** |
| Gairm: | Bainisteoir tionscadail / ailtire **(2)** | Fear gnó / Thionscain a ghnó féin **(2)** | Innealtóir **(2)** |
| Cúis leis an nGearmáin a fhágáil nó buntáistí as í a fhágáil | **Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí: 6**<br>**1.** Níorbh fhéidir léi post a fháil mar a raibh sí sásta<br>**2**. Is breá léi a cuid oibre/a post<br>**3.** Atmaisféar cairdiúil/go leor cairde<br>**4.** Is lena gcéadainm a bheannaíonn comhghleacaithe dá chéile | **Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí: 6**<br>**1.** Éasca do ghnó / chuideachta féin a thionscnamh<br>**2**. Fuair spásanna dá chlann sa naíscoil<br>**3.** Gar do bhailte sciála / na hAlpa | **Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí: 6**<br>**1.** Post/dálaí oibre/uaireanta oibre níos solúbtha<br>**2.** Tacaíonn le teaghlaigh<br>**3.** Ábalta dul abhaile/bheith sa bhaile ag 3/ 3:30 chuig a iníon (chun aire a thabhairt di) |

**4. (10 marc: 5 x 2)**

*Bunaithe ar **TEXT II**, cuir in iúl cé acu atá na ráitis seo a leanas **fíor** nó **bréagach**.*

**10 marc: 5 x 2**

Fíor **(2 mharc)**
Bréagach **(2 mharc)**
Bréagach **(2 mharc)**
Fíor **(2 mharc)**
Bréagach **(2 mharc)**

**TEXT II: ÄUßERUNG ZUM THEMA (15 mharc)**
**(Ábhar = 8, Cumas Scríofa = 7)**
Déantar Ábhar (C) agus Cumas Scríofa (Ex) a mharcáil i ndiaidh a chéile.
*(a) Críochnaigh cuid Julia den chomhrá thíos bunaithe ar an eolas a thugtar in **TEXT II**.*
*(Scríobh 25 – 30 focal.)*
*Sie: Hallo, Julia. Sagen Sie bitte, was haben Sie in Deutschland gemacht?*

**A: 2** Julia: **Ich habe Architektur studiert. /Ich habe in zwei Büros gearbeitet. (A2)**

*Sie: Und seit wann arbeiten Sie in London?*

**B: 1** Julia: **Seit drei Jahren. (B1)**

*Sie: Was machen Sie in Ihrem Job?*

**C: 2** Julia: **Ich arbeite als Projektmanagerin. (C1)** **UND**

**Ich arbeite am Design eines Privathauses. (C1)**

*Sie: Gibt es Probleme an Ihrem Arbeitsplatz?*

**D: 1** Julia: **Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas do D1**

**Nein./ Es gibt keine Probleme./ Ich liebe die Arbeit/das Arbeitsklima. / Die Atmosphäre ist sehr freundlich. / Ich habe viele Freunde. / Ich bin glücklich. / Ich habe einen tollen Job. / Alle sprechen sich mit Vornamen an. (D1)**

*Sie: Kommen Sie gut mit den Kollegen aus?*

**E 2:** Julia: **DHÁ cheann ar bith díobh seo a leanas do E1 + E1:**

**Ja./ Ich komme gut mit den Kollegen aus. / Ich habe viele Freunde hier. / Alle sprechen sich mit Vornamen an. / Die Atmosphäre ist sehr freundlich. / Ich liebe das Arbeitsklima.**

**N.B. Ná bronn pointí atá i bpáirt ag D agus E ach uair AMHÁIN**

**Treoirlínte do chumas scríofa a mharcáil in *Äußerung***

**N.B.** Úsáid lúibíní cearnógacha chun ábhar neamhábhartha a scaradh amach [ …… ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.
**Earráidí:** Cuir marc dearg orthu, cuir ciorcal thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair. Cuir T agus ciorcal thart air d'earráidí in úsáid aimsire.
*Groß-* agus *Kleinschreibung*: cuir líne faoin litir atá scríofa mícheart.
Cuir líne faoi earráidí eile, cuir líne dhúbailte faoi dhearmaid i bhfoircinn na mbriathar agus in ord na bhfocal. Scríobh W.O. san imeall ar chlé.
**Féach leathanach 18: úsáid an scála ar chlé (0-7) chun an marc do chumas scríofa (Ex) a bhronnadh.**

# Nó

**(b) E-mail schreiben (25-30 focal)**
**(Ábhar = 8, Cumas Scríofa = 7)**

Déantar Ábhar (C) agus Cumas Scríofa (Ex) a mharcáil i ndiaidh a chéile.
*Scríobh r-phost **i nGearmáinis** agus bain úsáid as na pointí seo a leanas:*

**A. (1)** *Abair go dteastaíonn uait dul ar thuras sciála go dtí an Ostair*
**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas do A1**

**Ich möchte Skiferien / Skiurlaub in Österreich machen.**
**Ich möchte in Österreich skifahren.**
**Ich möchte/werde nach Österreich fahren.**

**B. (2*)*** *Abair cé mhéad duine a theastaíonn uait a chlárú agus cén aois atá acu*
**Ich möchte für .... Personen buchen / für ... Jungen/Mädchen buchen (B1).**
**Wir sind ... Jahre alt. (B1)**

**C. (1)** *Abair go dteastaíonn uait fanacht ar feadh seachtaine*
**Ich möchte/Wir möchten eine Woche bleiben. (C1)** <u>**ODER**</u>
**Ich möchte /Wir möchten (für) eine Woche buchen (C1)**

**D. (2)** *Fiafraigh cé acu an Nollaig nó an Cháisc is fearr le haghaidh sciála*
**Ist Weihnachten oder Ostern (D1) besser (zum Skifahren) (D1)** <u>**ODER**</u>
**Wann kann man besser skifahren? (D1) (Zu) Weihnachten oder Ostern? (D1)**

**E. (2)** *Fiafraigh an féidir scíonna a fháil ar cíos san áit.*
**Können wir / Kann ich (E1) Ski(er) leihen / bekommen? (E1)** <u>**ODER**</u>
**Muss ich/ müssen wir (E1) Ski(er) mitbringen/ leihen? (E1)**

<u>**Treoirlínte do chumas scríofa a mharcáil in *Äußerung***</u>

**N.B.** Úsáid lúibíní cearnógacha chun ábhar neamhábhartha a scaradh amach [ …… ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.
**Earráidí:** Cuir marc dearg orthu, cuir ciorcal thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair. Cuir T agus ciorcal thart air d'earráidí in úsáid aimsire.
*Groß-* agus *Kleinschreibung*: cuir líne faoin litir atá scríofa mícheart.
Cuir líne faoi earráidí eile, cuir líne dhúbailte faoi dhearmaid i bhfoircinn na mbriathar agus in ord na bhfocal. Scríobh W.O. san imeall ar chlé.
**Féach leathanach 18: úsáid an scála ar chlé (0-7) chun an marc do chumas scríofa (Ex) a bhronnadh.**

**TEXT III: LESEVERSTÄNDNIS (40 marc)** **(6, 12, 7, 5, 10)**

**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Ná bronn leathmharcanna ach sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs.

**1. 6 mharc: (i): 2; (ii) 4 mharc: 3, 1**

*Teastaíonn ó Benedikt tamall saoire a thógáil sula dtosaíonn sé ar an gcoláiste. Céard a theastaíonn uaidh a dhéanamh? Conas a ullmhaíonn sé chuige sin? (Alt 1)*

Céard? **Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**

1. Taisteal a dhéanamh
2. Tionscadal sóisialta

Conas? **DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 4 mharc: 3, 1**

1. Déanann sé cuardach ar an Idirlíon/ar *ausland.org*.
2. (Fiafraíonn sé de féin) cén áit ba chóir dó taisteal.
3. (Fiafraíonn sé de féin) cén sórt tionscadail ba mhaith leis a dhéanamh.
4. (Fiafraíonn sé de féin) cé chomh fada is atá sé ag iarraidh fanacht.
   ***Ceadaigh ceisteanna ilréimseacha "fiafraíonn sé de féin" = 1 mharc***

**2. (12 mharc) (a) 6; (b) 6**

**(a) 6 mharc: 2, 2, 2**

*Déan cur síos ar an tionscadal a roghnaíonn sé. (Alt 2)*

**TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 6 mharc: 2, 2, 2**

1. Ag teagasc **(1)** Béarla **(1)**
2. Ó rang a haon **(1)** go dtí rang a hocht **(1)**
3. I mbunscoil **(1)** agus i meánscoil **(1)**
4. I Mombasa / na Céinia **(1)** ar feadh 8 seachtaine **(1)**
5. Cosnaíonn sé/caithfidh sé **(1)** 400 Euro **(1)** a íoc.

**(b)** *Tá iontas air nuair a shroicheann sé an Chéinia. Tabhair sonraí. (Alt 3)*

**TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 6 mharc: 3, 2, 1**

1. Fanann sé le hóstach Gearmánach.
2. Ag trá álainn
3. Sa dara seachtain a thosaíonn sé ag obair/a thosaíonn a chuid oibre.
4. Téann sé ar thurais.
5. Cuireann sé eolas ar/feiceann sé go leor de Mhombasa/den cheantar (máguaird).

**3. (7 marc: 3, 2, 1, 1)**
*Tabhair sonraí faoin scoil agus faoina chéad lá ann. (Alt 4)*

**CEITHRE cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 7 marc: 3, 2, 1, 1**

**N.B. Caithfidh ceann AMHÁIN ar a laghad de shonraí cearta an iarrthóra a bheith faoin scoil nó faoin gcéad lá ar scoil.**

**(a) An scoil:**
1. Trí fhoirgneamh atá sa scoil.
2. Ocht seomra ranga / dhá fhoirgneamh a bhfuil seomraí ranga iontu.
3. Seomra do mhúinteoirí
4. 37 ina rang / tá a rang i bhfad níos mó anseo ná sa scoil i Stuttgart.

**N.B. Is féidir glacadh le pointe 4 thuas mar shonra a bhaineann leis an "gcéad lá ar scoil"**

**(b) An chéad lá ar scoil:**
1. Baintear geit as.
2. Déanann na daltaí uile gáire leis/tá siad cairdiúil leis.
3. Tá siad ag iarraidh a fháil amach cad as dó.
4. Casann siad amhrán Céiniach dó.
5. Deir siad 'fáilte' i nGearmáinis//cuirtear/airíonn sé go bhfuil fáilte roimhe ann.

**4. 5 mharc: 3, 2**
*Foghlaimíonn Benedikt cuid mhór óna chuid scoláirí le linn a thréimhse mar mhúinteoir.*
*Tabhair dhá shampla. (Alt 6)*

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 5 mharc: 3, 2**

1. Foghlaimíonn sé faoin tír.
2. Foghlaimíonn sé faoi na daoine / faoin daonra.
3. Foghlaimíonn sé faoi shaol na gCéiniach / na n-inimirceach Eorpach.
4. Foghlaimíonn sé faoi fhadhbanna. **N.B. Fadhb = 1 mharc amháin**
5. Foghlaimíonn sé faoin mbearna idir bochtanas agus saibhreas.
6. Faigheann sé léargas nua ar Chéinia.
7. D'fhoghlaim sé conas 'go raibh maith agat' a rá i dteanga na háite.

**5. 10 marc: 5 x 2 mharc**

1. C
2. C
3. D
4. D
5. A

**Treoirlínte do chumas scríofa a mharcáil in *Äußerung zum Thema* (a) agus (b) agus *Schriftliche Produktion* (a) agus (b)**

**N.B.** Úsáid lúibíní cearnógacha chun ábhar neamhábhartha a scaradh amach [ …… ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.

**Earráidí:** Cuir marc dearg orthu, cuir ciorcal thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair. Cuir T agus ciorcal thart air d'earráidí in úsáid aimsire.
*Groß*- agus *Kleinschreibung*: cuir líne faoin litir atá scríofa mícheart.
Cuir líne faoi earráidí eile, cuir líne dhúbailte faoi dhearmaid i bhfoircinn na mbriathar agus in ord na bhfocal. Scríobh W.O. san imeall ar chlé.

**N.B.** Más é 7 nó níos lú marc an ábhair sa *Schriftliche Produktion*, úsáid an scála laghdaithe (0-7) don chumas scríofa agus scríobh "Ex níos ísle" chun é a chur in iúl.

**Marcanna do chumas scríofa**

*Äußerung*
Nó *Schr. Prd.*
**Ex. níos ísle** *Schr. Prd.*
má tá C ≤ 7 **Scála Iomlán**

| **Iomlán =7** | **Iomlán = 10** | **Cur Síos ar Chatagóirí** |
|---|---|---|
| **0 - 2** | **0 - 4** | *Stór focal an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla; ord na bhfocal, go háirithe suíomh an bhriathair, mícheart go han-mhinic; foirmeacha an bhriathair / tuisil mícheart go ginearálta.*<br><br>A lán dearmaid litrithe, drochearráidí gramadaí: tuisil mícheart go ginearálta; fíorbheagán aontuithe atá ceart. |
| **3 - 5** | **5 - 7** | *Úsáid stór focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Gearmáinise, b'fhéidir. Níl ach corr-earráid in ord na bhfocal.Gan ach cúpla earráid i bhfoirmeacha / tuisil na mbriathar.*<br><br>Gan an iomarca dearmaid litrithe ann. Gan ach cúpla earráid mhór ghramadaí / earráidí minice gramadaí; tuisil, aontuithe, foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir. |
| **6 - 7** | **8 - 10** | *Stór Focal, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus cuí. Níl ach corr-earráid in ord na bhfocal. Foirmeacha maithe na mbriathra / foirmiú maith na haimsire.*<br><br>Is annamh a bhíonn botúin litrithe ann, gramadach ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i dtuisil, foircinn na mbriathar agus in aontuithe. |

**N.B.** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (Ex = Cumas scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

**Socruithe Réasúnta:** ***Dóibh siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú / gramadach, beidh an marc a bhronntar laistigh de chatagóir bunaithe ar an stór focal, ar mhúnlú na n-aimsirí agus ar ghnéithe a bhaineann le hord na bhfocal amháin, agus <u>ní ar litriú agus ar ghramadach atá bainteach le litriú</u> amhail foircinn aidiachta etc.***
**N.B. Nuair a bhíonn obair na n-iarrthóirí le tarscaoileadh litrithe agus gramadaí á marcáil, ná lean ach na tuairiscíní i gcló iodálach thuas. I gcás na n-iarrthóirí eile go léir tá feidhm ag na tuairiscíní iomlána thuas.**

**SCHRIFTLICHE PRODUKTION: 30 marc** **(Osc. = 5, C = 15, Ex. = 10)**

**(a) Litir**

**Osc. (5)** An chéad alt a chríochnú. Abairtí cuí a chur isteach. **(5 x 1 mharc)**

- eine fantastische Sache **(1)**
- für Freiwilligenarbeit **(1)**
- nach dem Abi studieren **(1)**
- einen tollen Job **(1)**
- was ich wollte **(1)**

Cuir an marc **Osc.** san imeall ar dheis, ag bun na litreach.

**C (15)** Corp na litreach … **15 mharc** mar a léirítear thíos.

**A. (3)** Abair gur mhaith leat tosú ar an gcoláiste/ar an ollscoil Meán Fómhair seo chugainn **(1)** agus luaigh na hábhair **(1)** a ndéanfaidh tú staidéar orthu **(1)**

**B. (5)** Inis do Luis/Luise cén fáth ar mhaith leat bliain saoire a thógáil *(eine Auszeit)*: (ba mhaith leat taisteal / tír nua a fheiceáil / bualadh le daoine nua / teanga nua a fhoghlaim...) **(5)**
**N.B. TRÍ cinn ar bith de na sonraí le haghaidh B2 + B2 + B1**

**C. (3)** Tabhair dhá shonra faoin bpost a d'aimsigh tú ar an idirlíon (faoin rud atá tú ag dul a dhéanamh / cá fhad? / cá háit? / ...)
**N.B. DHÁ cheann ar bith de na sonraí le haghaidh C2 + C1**

**D. (1)** Déan cur síos ar conas a chuaigh do chinneadh i gcion ar do thuismitheoirí. **(1)**

**E. (2)** Luaigh go ndearna tú obair dheonach cheana féin agus inis dó/di conas a thaitin an obair sin leat. **(1)**

**CL. (1)** Scríobh abairt oiriúnach mar chríoch.

**Ex. (10):**
Úsáid an ghreille ar leathanach 18 leis an **marc don chumas scríofa** i ndáil le **C (Ábhar)** a ríomh.

**Cuir Osc., C agus Ex. le chéile leis an iomlán a thabhairt.**

**(b) Scéal i bPictiúr**
**(Osc. = 5, C = 15, Ex. = 10)**
**Osc. (5)** An chéad alt a chríochnú / Abairtí cuí a chur isteach. **(5 x 1 mharc)**

- und in New York arbeiten **(1)**
- zu Hause im Wohnzimmer **(1)**
- auf das Jahr im Ausland **(1)**
- ihr Flugticket in der Hand **(1)**
- ein Reiseführer und ihr iPad (1)

Cuir an marc **Osc.** san imeall ar dheis, ag bun an scéil i bpictiúir.

**C (15) (pictiúir 2-6)** ... **15 mharc** mar a léirítear thíos.

**Treoirlínte maidir le marcáil an ábhair:**
**(i) TRÍ phointe faisnéise ábhartha in aghaidh an phictiúir.**
**(ii) Ní mór briathar a bheith i ngach pointe faisnéise.**

1. **(3)** Pictiúr 2: **trí** phointe faisnéise ábhartha: **3 x 1 mharc**
2. **(3)** Pictiúr 3: **trí** phointe faisnéise ábhartha: **3 x 1 mharc**
3. **(3)** Pictiúr 4: **trí** phointe faisnéise ábhartha: **3 x 1 mharc**
4. **(3)** Pictiúr 5: **trí** phointe faisnéise ábhartha: **3 x 1 mharc**
5. **(3)** Pictiúr 6: **trí** phointe faisnéise ábhartha: **3 x 1 mharc**

**Cuir an marc C. san imeall ar dheis, ag bun an scéil i bpictiúir**

**Ex. (10):**
Úsáid an ghreille ar leathanach 18 leis an **marc don chumas scríofa** i ndáil le **C (Ábhar)** a ríomh.

**Cuir Osc., C agus Ex. le chéile leis an iomlán a thabhairt.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

## *Tábla C*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a leanas:

- **Gearmáinis – Gnáthleibhéal**

**Iomlán: 320 Gnáthráta: 5%**

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |

**Teil 1**

***(Interview mit Elyas M'Barek)***

Moderator: Elyas, du hast mit der Verfilmung des amerikanischen Jugendbuchs "City of Bones" gerade den internationalen Durchbruch geschafft. Aber angefangen hat alles mit der TV-Jugendserie "Türkisch für Anfänger", wo du den 17-jährigen Türken Cem gespielt hast – deine erste große Rolle. Wie hast du damals diese Rolle bekommen?

Elyas: Das Schauspielern hat mich schon immer interessiert. Ich habe schon in der Schule Theater gespielt, und später kleine Nebenrollen im Fernsehen. 2006 habe ich dann das Casting für "Türkisch für Anfänger" gemacht und die Rolle bekommen.

---

Moderator: In "Türkisch für Anfänger" lebt Cem mit seiner Schwester Yagmur und seinen beiden Halbgeschwistern Lena und Nils in einer so genannten "Patchwork-Familie", wie fast jedes siebte Kind in Deutschland. Wie ist es, in einer Patchwork-Familie zu leben?

Elyas: Eine Patchwork-Familie ist ja eine Familie, wo die Kinder unterschiedliche Eltern haben, weil vielleicht der Vater oder die Mutter schon einmal verheiratet waren. Und für diese neue Familie ist das Zusammenleben nicht immer harmonisch. Erstens muss man die anderen erst kennen lernen. In der Fernsehserie zum Beispiel glauben alle, dass Cem ein typischer Macho ist, aber eigentlich ist er sehr romantisch und gar nicht so doof. Zweitens gibt es manchmal kulturelle oder auch religiöse Schwierigkeiten, wie in der Serie zwischen Lena und Yagmur.

---

Moderator: In der Serie gibt es viele junge Schauspieler. Kannst du uns Tipps geben, wie man Schauspieler wird?

Elyas: Ich glaube, da gibt es kein "Grundrezept". Das Beste ist natürlich, wenn man eine Schauspielschule besucht und den Beruf richtig erlernt. Man muss aber auch sehr viel Glück haben. Aber bevor man eine Schauspielkarriere beginnt, ist es wichtig, einen Schulabschluss zu machen. So hat man mehr Sicherheit, wenn man als Schauspieler keinen Job bekommt.

Moderator: Du hast selbst schon sehr jung angefangen, als Schauspieler zu arbeiten. Wie hast du Beruf und Schule kombiniert?

Elyas: Als ich noch in der Schule war, war der Produzent sehr verständnisvoll. Wir haben die meisten Szenen nachmittags, am Wochenende oder in den Ferien gefilmt. Ich habe erst nach dem Abitur begonnen, Vollzeit als Schauspieler zu arbeiten.

---

Moderator: Und seitdem hast du in vielen Filmen mitgespielt – bei "City of Bones" natürlich, in Komödien, aber auch bei dem Bestseller "Die Welle".

Elyas: Ja, "Die Welle" war für mich ein besonderes Karrierehighlight. Ich bin dankbar, dass ich die Möglichkeit habe, so unterschiedliche Rollen zu spielen und mit tollen Schauspielern, hier in Deutschland und im Ausland, zusammenzuarbeiten.

Moderator: Elyas, vielen Dank für das Gespräch und weiterhin viel Erfolg mit der Schauspielkunst!

**Teil 2**

***(Telefonanruf)***

A: Hemmecke, guten Tag.

B: Guten Tag, Herr Hemmecke. Hier ist Anita Lüpke vom Kindersprachclub Greifswald.

A: Ah, guten Tag.

B: Herr Hemmecke, Ihre Zwillinge Lara und Moritz haben doch letzten Monat bei uns im Kindersprachclub an einem Englischkurs teilgenommen.

A: Ja, stimmt.

B: Und der Grund, warum ich Sie heute anrufe, ist, dass wir Ihnen unser englischsprachiges Sommercamp für ältere Grundschulkinder vorstellen möchten. Das Konzept ist, dass die Kinder zwei Wochen im Ferienlager wohnen und dort mit Spiel und Spaß Englisch lernen. Die Betreuer sind junge Leute aus Großbritannien und Irland, die Englisch und Pädagogik studiert haben. Im Sommercamp gehen sie gemeinsam mit den Kindern an den Strand, sie machen Spiele, treiben zusammen Sport, gehen wandern und machen Lagerfeuer. Und das natürlich alles auf Englisch!

A: Oh, das hört sich interessant an. Meine Frau und ich waren vom Kindersprachclub ziemlich beeindruckt – wir haben Ihren Kurs sogar schon anderen Eltern weiterempfohlen. Das Singen, die Spiele, die Sketche – das hat unseren Kindern wirklich viel Spaß gemacht!

B: Ach, Herr Hemmecke, das freut mich zu hören! Dann schauen Sie doch mal auf unsere Webseite – da ist das Camp mit allen Aktivitäten und Details genau beschrieben.

A: Das machen wir. Ich bin schon so gut wie überzeugt, aber ich muss das natürlich mit meiner Frau und den Kindern besprechen. Meine Frau ist leider bis morgen Abend auf Dienstreise.

B: Dann könnte ich Sie ja zurückrufen, wenn Sie Zeit hätten, darüber zu sprechen. Wie wäre es mit übermorgen Nachmittag?

A: Ja, das passt gut. Am besten rufen Sie uns dann auf dem Handy unter 0177–21 30 892 an.

B: Kleinen Moment. 0177–21 30 892, richtig?

A: Ja, genau.

B: Wunderbar. Und das ist Familie Hemmecke, H-E-M-M-E-C-K-E. Dann also bis übermorgen.

A: Ok, dann vielen Dank für Ihren Anruf. Auf Wiederhören!

## Teil 3

***(Gespräch)***

Mutter: Andreas, denkst du daran, dass heute Nachmittag Oma und Opa zu Besuch kommen?

Sohn: Ja doch, Mama.

Mutter: Das Wetter ist heute so schön, da können wir im Garten grillen. Und du kannst Oma und Opa erzählen, dass du eine Arbeitsstelle im Hotel Bayerischer Hof bekommen hast.

Sohn: Wo du gerade das Thema erwähnst – aus der Stelle im Hotel wird übrigens nichts. Ich habe mich nämlich anders entschieden.

Mutter: Wie „du hast dich anders entschieden"?! Was meinst du damit, Andreas?

Sohn: So wie ich's sage, Mama, ich habe die Arbeit abgelehnt. Dafür habe ich aber eine andere Stelle angenommen. In drei Wochen fange ich auf einem Schiff – was sage ich, einem exklusiven Luxusliner mit 500 Gästen! – an der Rezeption an zu arbeiten. Ich wollte schon immer ins Ausland gehen und etwas von der Welt sehen. Die Kreuzfahrt dauert fünf Monate und geht rund um die Welt. Wir steuern sogar die Antarktis an!

Mutter: Jetzt muss ich mich erstmal hinsetzen – ein Kreuzfahrtschiff?! Das ist ja ein Schock! Aber der Bayerische Hof ist doch ganz bei uns in der Nähe. Du hättest weiter bei uns wohnen können. Das wäre doch ideal gewesen, Andreas! Und deine dreijährige Ausbildung zum Hotelfachmann, die hast du jetzt ganz umsonst gemacht!

Sohn: Nicht wirklich. Die Agentur hat mich nämlich gerade wegen meiner Ausbildung und wegen meiner super Englischkenntnisse sofort genommen. Du kannst eigentlich stolz auf mich sein, Mama! Freu dich doch für mich! Das wird eine supertolle Erfahrung, und so eine Arbeit sieht auch auf dem Lebenslauf gut aus!

Mutter: Ich glaube, ich muss mich erst an diesen Gedanken gewöhnen. Was sagt denn deine Freundin Lisa dazu?

Sohn: Die freut sich natürlich. In der Zeit, wo ich auf dem Kreuzfahrtschiff bin, wird sie bei der EU in Brüssel ein Praktikum machen!

**Teil 4**

**Sprecher 1: Die Nachrichten. Berlin.** Heute wurden weitere 10 Millionen der Sondermünze "25 Jahre Deutsche Einheit" von der Bundesbank freigegeben. Die spezielle Zwei-Euro-Münze feiert die Wiedervereinigung Deutschlands, die sich in diesem Jahr zum 25. Mal jährt. Auf der einen Seite der Münze steht das normale Zwei-Euro-Zeichen, auf der Rückseite der Slogan der Friedlichen Revolution „Wir sind ein Volk“ über dem Brandenburger Tor mit jubelnden Menschen. Insgesamt wurden 30 Millionen dieser Sondermünzen geprägt.

**Sprecher 2: Stuttgart.** Wie eine repräsentative Umfrage in Deutschland, Österreich und der Schweiz bestätigt, ist der Haushalt nach wie vor hauptsächlich Frauensache. Achtzig Prozent aller Frauen erledigen in ihren Familien die Hausarbeit allein. Allerdings hat sich der Anteil der Männer, die Hausarbeit übernehmen, in den letzten zehn Jahren deutlich erhöht. Dabei erledigen die Männer mit 77% am liebsten den Einkauf, während 71% der Männer gern kochen. Die Mehrheit der Männer (59%) bringt auch den Müll freiwillig weg. An letzter Stelle stehen Wäsche waschen und putzen mit 35% bzw. 29%.

**Sprecher 1: Speyer.** Die Suche nach einem Verlobungsring hat auf dem Bahnhof Speyer heute kurzzeitig den Zugverkehr gestört. Ein 26-jähriger Mann hatte bei einem Streit mit seiner Verlobten seinen Ring wütend auf die Gleise geworfen. Danach tat es ihm sofort Leid. Das Pärchen startete nun auf den Gleisen eine lebensgefährliche Suchaktion. Dank eines aufmerksamen Bahnangestellten konnten zwei Züge rechtzeitig gestoppt werden. Der Ring sei gefunden worden, so ein Sprecher der Deutschen Bahn, das Paar aber habe wegen Behinderung des Bahnverkehrs eine Geldstrafe von €300 erhalten.

**Sprecher 2: Und nun zum Wetter.** Die Hitzewelle in Norddeutschland endete in schweren Gewittern. Am Mittwochabend prasselten heftige Regenschauer vom Himmel und überfluteten örtlich Straßen und Gärten. Vielerorts gab es am Nachthimmel ein regelrechtes Blitzfeuerwerk. Das Wettervideo zur Unwetternacht im Norden kann unter www.wetteronline.de abgerufen werden. Die Aussichten zum Wochenende: deutlich kühler mit Temperaturen um 17 Grad.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán